

Ráiteas ón gCoiste (2018)

Tá muid ag pointe stairiúil thar a bheith cinniúnach maidir leis an nGaeilge agus ár stádas Gaeltachta sa limistéar seo. Tá muid tagtha chomh fada le crosbhóthar na Gaeltachta agus ní mór dúinn ceisteanna den chineál seo a leanas a chur orainn féin: An bhfuil muid ag iarraidh ár stádas Gaeltachta a choinneáil? Céard ba mhaith linn a dhéanamh chun an Ghaeilge a choinneáil beo sa cheantar? Caithfidh muid bóthar a roghnú dúinn féin agus gníomhú dá réir sin. Ní bheidh aon dul siar ann ina dhiaidh sin.

Tá muid ag tús bóthar fada. Seo í an bhunchloch don phróiseas nó b'fhéidir an mapa bóthair d'ár dturas. Ní mór go mbeadh misneach agus foighne againn, tá muid ag plé le próiseas leanúnach gan chríoch. Is é sin próiseas mall, céimnithe, fadtéarmach. Beidh muid ag cur leis an obair, ag tógáil ar an bpróiseas agus ag foghlaim linn in imeacht ama agus oibre. Tá obair chrua uaimhianach go minic anróiteach mar chuid den phróiseas seo. Tá an obair seo casta ach indéanta, má choinníonn muid leis.

Ag deireadh an lae, caithfidh muid a bheith ionraic agus tomhaiste maidir leis an obair seo agus an méid a bhféadfaí a dhéanamh chun staid na Gaeilge a láidriú sa limistéar seo. Níor mhaith linn a thabhairt le tuiscint go bhfuil réiteach chuile fhadhb sa phlean seo nó go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí teanga thar oíche - mianta míréadúla a chuirfidh le lagmhisneach, le soiniúlacht agus frustrachas i measc an phobail. Céim ar chéim a thógtar na caisleáin .i. beagán ar bheagán, leis an oiliúint agus leis an saineolas cuí, le próiseas struchtúrtha comhordaithe, le cur chuige céimnithe seasmhach, le dúthracht, díograis agus dearcadh dearfach, is féidir linn dul i bhfeidhm ar iompar teanga sa LPT seo. Is féidir linn an plean teanga réadúil agus rannpháirtíoch seo a úsáid agus a chur i bhfeidhm, agus mar sprioc againn staid na Gaeilge a chothú agus a láidriú i Maigh Eo Thuaidh de réir a chéile.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach an duine agus tacaíocht chuí ó na forais stáit thar a bheith cinniúnach i bpróiseas pleanála teanga ar bith. Caithfear struchtúr cuí a fhorbairt chun an rannpháirtíocht sin a chothú agus a mhéadú mar chuid den phróiseas seo. Cé nach bhfuil aon phota óir ar fáil dúinn, beidh maoiniú ceart agus acmhainní daonna cuí de dhíth orainn chun dlús a chur faoin bpróiseas sa limistéar seo.

Tá baint mhór idir an phleanáil teanga agus forbairt iomlán an phobail seo (m.sh. forbairt pobail, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil, eacnamaíoch srl.) ionas (i) go mbeidh daoine in ann fanacht sa bhaile agus clann a thógáil ann (ii) nach bhfuil an pobal faoi aon mhór-mhíbhuntáiste agus ar comhchéim le pobail eile (Mac Donnacha, 2000:20 i Ní Dhúda 2014a:81) (iii) go mbeidh an pobal inmharthana i dtéarmaí eacnamaíochta agus sóisialta.

Is féidir le grúpa daoine atá gníomhach, dearfach, eagraithe agus eolach, an t-uafás a bhaint amach má sheasann siad le chéile. Seo í an chéad uair go bhfuil rannpháirtíocht leathan agus comhoibriú éifeachtach idir eagraíochtaí agus idir paróistí ar aon choiste amháin agus ar mhaithe le cúrsaí pleanála teanga sa limistéar seo. Níl aon amhras, mar sin féin, ach go bhfuil dúshlán romhainn sa limistéar fairsing seo maidir le cur chun cinn na forbartha pobail agus na pleanála teanga. Tá plean tomhaiste le spriocanna réadúla leagtha amach againn anois agus tá muid ag súil go mór leis an bplean a fheidhmiú ón mbun aníos i gcomhar leis an bpobal agus le heagraíochtaí éagsúla sa limistéar.

An Fhís

Aontaíodh ar an aidhm straitéiseach seo a leanas ag tús an phróisis, ionas go mbeadh treoir shoiléir ag an gcoiste stiúrtha agus focasphointe fadtéarmach ar an bpróiseas trí chéile:

Ba mhaith le *Gaeilge Iorrais*, i gcomhar le muintir na háite agus le heagraíochtaí áitiúla, úsáid laethúil agus eolas ar an nGaeilge a chothú agus a mhéadú i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh go céimnithe thar 7 mbliana.

Cuirfear plean cuimsitheach teanga le chéile do thréimhse 2018-2024 bunaithe ar thaighde agus ar shaineolas sa phleanáil teanga. Molfar gníomhaíochtaí agus bearta a fheidhmiú agus mar aidhm acu;

- (i) stop a chur le meath na Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh
- (ii) tacaíocht faoi leith a thabhairt do na ceantair agus na hinstiúidí is láidre ó thaobh na Gaeilge de fós
- (iii) líon na ndaoine le cumas sa Ghaeilge a mhéadú c.3% de réir a chéile
- (iv) líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú c.3% de réir a chéile i Maigh Eo Thuaidh, ionas go gcoinneofar agus go neartófar stádas Gaeltachta an cheantair.

Ráiteas misin Ghaeilge Iorrais:

- Eolas a bhailiú agus a scaipeadh chun dul i bhfeidhm ar na pobail sna paróistí éagsúla i Maigh Eo Thuaidh ar bhonn dearfach maidir leis an nGaeilge agus na deiseanna atá againn faoi *Acht na Gaeltachta 2012*.
- Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh a chothú agus a fhorbairt, an Ghaeilge a chothú agus a láidriú sa limistéar agus ár stádas Gaeltachta a choinneáil.